**Nuashonrú: Foghlaim scoláirí sa Chorpoideachas a phróifíliú ar an PGSS**

Is féidir le scoláirí a gcuid gnóthachtáil foghlama sa Chorpoideachas a phróifíliú, mar chuid den Chlár Folláine, ar an PGSS. Is féidir teacht anseo... ar *Ciorclán 76/2020* a d'eisigh an ROS ina leagtar amach an *Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt ar leith don scoilbhliain 2020/21*. Luaitear ann go...

> *Tá sé mar aidhm ag tuairisciú ar fhoghlaim na scoláirí sa chlár ar Fholláine pictiúr a sholáthar ar a bhfuil foghlamtha ag scoláirí maidir le folláine na scileanna atá forbartha acu chun tacú lena bhfolláine féin. Táthar ag súil go dtuairisceoidh scoileanna ar fhoghlaim na scoláirí maidir le folláine mar chuid den mheasúnú agus tuairisciú leanúnach le linn na Sraithe Sóisearai*

> *Déanfar tuairisciú ar Fholláine anois trí PGSS den chéad uair in 2021. Taispeánfar an Fholláine i réimse ar leith den PGSS. Is sa réimse sin a thuairisceoidh scoileanna ar ghnóthachtáil scoláirí in OSSP, OSPS agus Corpoideachas. Éascófar é sin trí úsáid a bhaint as na tuairiscíní a forbraíodh cheana féin agus a léiríonn an teanga chuí foghlama*
>
> - *Thar barr*
> - *Os cionn na nIonchas*
> - *Ag teacht le hIonchais*
> - *Ionchais le baint amach fós*
>
> *Áireofar i réimse Folláine PGSS spás bán do théacs ar féidir le scoileanna a úsáid chun tuairisciú ar ghnóthachtáil i bhFolláine i réimsí eile mar atá leagtha amach i mír 2.7. Is féidir tuilleadh eolais air sin a fháil i Lámhleabhar PGSS*

** Fonóta:* Sa chás nach bhfuil scoláirí ag tabhairt faoin ngearrchúrsa, ba chóir go léireodh an tuairiscín a bhronnann an múinteoir foghlaim agus gnóthachtáil an scoláire le linn an chúrsa staidéir.



## Roghanna don Chorpoideachas ag an tSraith Shóisearach

Do gach rogha, ba ghá do mhúinteoirí a mheabhrú conas a chuirfidh siad ar chumas scoláirí fianaise a thaispeáint ar a gcuid foghlama in aonaid Folláine trí ghníomhaíochtaí measúnú leanúnach agus suimitheach araon.




Tá an sonraíocht do ghearrchúrsa Chorpoideachas ar fail anseo…

Tá na **Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe** ar fáil anseo…

Tá an doiciméad thuas '**Treoir maidir leis an bpróiseas don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair'**, a d'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ar fáil anseo…

Cabhraigh le do chuid scoláirí measúnú rangbhunaithe a dhéanamh agus fianaise ar fhoghlaim a bhailiú, agus an chomhairle mheasúnaithe atá leagtha amach sna *Treoirlínte Measúnaithe* in úsáid → Déan breithiúnas ar ghnóthachtáil scoláire, agus na Gnéithe Cáilíochta atá leagtha amach sna Treoirlínte Measúnaithe in úsáid → Tabhair faoin bpróiseas AFMÁ chun cabhrú le do bhreithiúnas → Tuairiscigh ar ghnóthachtáil an scoláire ag an am, agus ar an PGSS

*Féadfar measúnuithe a mhodhnú chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí a leanann Clár Foghlama Leibhéal 1 nó 2

------- ------- -------




Tá **an Siollabas Corpoideachais** ar fáil anseo…

Is féidir teacht anseo… ar *Ciorclán 76/2020* a d'eisigh an ROS ina leagtar amach an *Socruithe le haghaidh Chur Chun Feidhme an Chreata don tSraith Shóisearach le tagairt ar leith don scoilbhliain 2020/21*.

Dear measúnú bunaithe ar do dhoiciméad curaclaim (thuas) a thagann a bheag nó a mhór le Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí, chomh maith le critéir ratha ghaolmhara → Cabhraigh le do chuid scoláirí an measúnú seo a dhéanamh agus fianaise a bhailiú ar a gcuid foghlama → Breithiúnas a dhéanamh ar ghnóthachtáil an scoláire, agus na critéir ratha in úsáid → Dul i mbun comhrá gairmiúil, cosúil le cruinniú AFMÁ, chun cabhrú le do bhreithiúnas → Tuairiscigh ar ghnóthachtáil an scoláire ag an am, agus ar an PGSS

* I gcomhthéacs tacú le riachtanais foghlaimeoirí a leanann Cláir Foghlama Leibhéal 1 nó Leibhéal 2, ba cheart measúnuithe atá deartha a ailíniú go leathan le Leibhéal 1 nó Leibhéal an NFQ